M.81

AN ROINN OIDEACHAIS

LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 1966

ART AND DRAWING

MECHANICAL DRAWING AND DESIGN

Honours

MONDAY, 20th JUNE - Afternoon 2 to 4

INSTRUCTIONS

(a) Candidates may take Section I or Section II but not both.

(b) The use of drawing instruments and tracing paper is allowed. Materials such as blocks, sponges, rags, pieces of cardboard, may be used.

(c) The number of the question must be distinctly marked by the side of the answer.

(d) Questions marked (*) have accompanying diagrams.

## SECTION I - (100 marks)

ONE QUESTION ONLY TO BE ATTEMPTED

1. Design a wrapping paper for one of the following:- Sports Goods; Music; Souvenirs. The design may be executed with stencils, or blocks, or free-brush and texturing materials, or any combination of these methods.

2. Make a design for a girl's apron, 12" x 14". The design should be suitable for appliqué, embroidery, or fabric printing. Work full size.

3. Design a free-brush decoration suitable for a wall-tile, 12" square. Not more than four colours may be used.

4. Design a poster for one of the following:- A Horse Show; The pantomine Cinderella; A Holiday Camp. Appropriate lettering should be incorporated in your design.

5. Draw in pencil, a rectangle 10" x 12", vertical. In this space draw with a lettering pen, or pens, the following verses. Care should be taken in arranging the layout and margins.

Adare

The morn comes freshly from the east,
It strikes with fire the upland ridge,
And pours a shaft of gold between
The midmost shadows of the bridge,
Where, late at eve, shall dance the midge.
Flame fills the immemorial tree,
Which keeps its chestnuts for the time
When harvest banquets through the world,
And the hot breezes flow in rhyme.

Soft sleeps the village in the maze
Of dreamy elm and sycamore;
Soft slides the river's rosy tide
Through blossomed sedges by the shore,
Rushes and pendant willows hoar.
The little boat moored in the cove
Takes no pulsation from the stream,
But shadowed on the water lies,
The lovely image of a dream.

(J. F. O'Donnell)

## SECTION II - (100 marks)

THREE QUESTIONS ONLY TO BE ATTEMPTED

(All questions carry equal marks)

*1. Draw the pattern shown according to the dimensions given. Show the construction lines.

*2. The diagram shows an elevation, plan, and end view of a machine part. Draw a freehand pictorial view of the machine part in good proportion. Your drawing should be not less than 4" in its greatest dimension.

*3. The side elevation and plan of a casket are given. Draw the two views and develop the surface of the casket according to the dimensions shown.

*4. The elevation and plan of a solid, whose base is a square, are given. Find the elevation of the same object when the four sides of the plan make 45 degrees with XY.

5. In an equilateral triangle 8" side, draw a geometrical design, appropriate to the shape.

(For diagrams 1 and 2 see over)






M.81.

# An Roinn Oideaċais

## Scrúdú Ardteistiméireaċta, 1966

## Ealaín agus Líníoċt

---

## Líníoċt Meicniúil agus Gréasċóiriú

Onóraċa

---

Dé Luain, Meiṫeaṁ 20 – Tráṫnóna, 2 go dtí 4

---

### Comairlí

(a) Is cead d'iarrṫóirí toġa as Roinn I nó as Roinn II, aċ ní cead toġa astu araon.

(b) Is cead uirlisí líníoċta agus rianpáipéar a úsáid. Is féidir ábair mar ḃlocanna, múscáin, ceirteaċa, píosaí de ċairtṗlár d'úsáid leis.

(c) Uimir na ceiste a scríoḃ go soiléir le hais an ḟreagra a ġaḃann léi.

(d) Tá léaráidí fara na ceisteanna a ḃfuil réiltín (*) rompu.

---

### Roinn I – (100 marc)

#### Gan aċ ceist aṁáin a ḋéanaṁ

1. Gréas a ḋéanaṁ le haġaiḋ páipéar beartán do ċeann aṁáin de na hábair seo a leanas:– Earraí lúṫċleasaíoċta; Ceol; Seoid Ċuiṁne. Ní miste an gréas a ḋéanaṁ le stionsail, nó blocanna, nó le saorscuab agus ábair ḟioċáin, nó le haon ċoṁċeaglaim de na modanna sin.

2. Gréas a ḋéanaṁ i gcoṁair ṗráiscín gearrċaile, 12" x 14". Ní mór an gréas a ḃeiṫ oiriúnaċ d'obair **appliqué** nó do ḃróidnéireaċt, nó d'éadaċ priontáilte. Déan ina lánṁéid é.

3. Déan maisiúċán saorscuaibe a oireas do leacán balla atá ina ċearnóg 12". Gan níos mó ná ceiṫre ḋaṫ d'úsáid.

4. Gréas a ḋéanaṁ i gcoṁair ṗóstaeir do ċeann aṁáin de na hábair seo a leanas:– Taispeántas Capall; Geamaireaċt **Cinderella**; Campa Saoire. Bíoḋ litreoireaċt oiriúnaċ agat ann.

5. Tarraing le peann luaiḋe dronuilleog 10" x 12", go hingearaċ. Taoḃ istiġ den spás sin tarraing le peann nó le pinn litreoireaċta na véarsaí seo a leanas. Ní mór a ḃeiṫ cúramaċ agus an leagan amaċ agus na himill á gcóiriú agat.

#### Rosc Caṫa na Muṁan

D'aiṫníos féin gan ḃréag ar ḟuaċt,
'S ar anfa Théitis taoḃ le cuan,
Ar ċanaḋ na n-éan go séiseaċ suairc,
Go gcasfaḋ mo Ṡéasar glé gan ġruaim.
Measaim gur súġ don Ṁuṁain an fuaim
'S dá maireann go duḃaċ de ċrú na mbua:
  Torann na dtonn
  le sleasaiḃ na long
Ag tarraing go teann 'nár gceann ar cuairt.

Tá lasaḋ sa ġréin gaċ lae go neoin,
Ní taise don ré – ní ṫéann fé neoll,
Tá barra na gcraoḃ ag déanaṁ sceoil
Naċ fada ḃeiḋ Gaeil i ngéiḃeann bróin.
Measaim gur súġ don Ṁuṁain an ceol
'S dá maireann go duḃaċ de ċrú na dtreon:
  Torann na dtonn
  le sleasaiḃ na long
Ag tarraing go teann 'nár gceann fé ṡeol.

(P. Mac Gearailt)

### Roinn II – (100 marc)

#### Gan aċ trí ceist a ḋéanaṁ

(An luaċ céanna ar gaċ ceist)

*1. Macasaṁail a ḋéanaṁ den ṗatrún a ṫaispeántar de réir na dtoisí atá breaċta air. Ní mór na línte tógála a ṫaispeáint.

*2. Taispeántar san léaráid ingearċló, bonnċló, agus sliosċló de ċuid d'inneall. Tarraing raḋarc pictiúrṫa saorlíníoċta i gcoiḃneas cuí den ċuid sin den inneall. Gan do ṫarraingeáil a ḃeiṫ níos lú ná 4" sa toise is faide ann.

*3. Tugtar sliosċló agus bonnċló cóifrín. Tarraing an dá éadan, agus déan forbairt ar ḋromċla an ċóifrín de réir na dtoisí atá breaċta air.

*4. Tugtar ingearċló agus bonnċló solaid atá ar bonn cearnógaċ. Faiġ ingearċló an tsolaid ċéanna nuair a ḋéanann ceiṫre taoḃ an ḃleain 45 ċéim le **XY**.

5. Taoḃ istiġ de ṫriantán coṁṡleasaċ, 8" an taoḃ, tarraing gréas geoiméadrúil, a ḃéas oiriúnaċ don ċruṫ.

(Féaċ léaráidí (3) agus (4) ṫall)




